# Dúradáin



**Scliop a chur ar na dúradáin:**

1. Cuir na dúradáin ar fad bun os cionn agus measc thart iad.

2. Tógann gach imreoir 5, 6 nó 7 ndúradán, ag brath ar líon na n-imreoirí (2-4).

3. Fágtar na dúradáin eile sa lár; sin an cualach.

**Tús an chluiche:**

Castar dúradán amháin atá sa lár, sin an 'síol', agus beidh an 'crann' ag fás as sin.

Go hiondúil tosaíonn an t-imreoir is óige agus téann an seal ar deiseal (an chéad imreoir eile ar a chlé agus ar aghaidh i gciorcal).

**An chéad seal:**

1. Cuir dúradán leis an uimhir chéanna atá ag ceann amháin den síol. (Cuir i gcás: Má tá 3 ag deireadh, is féidir dúradán le 3 air a chur síos; 3 le 3.)

2. Mura féidir leat imirt, tóg dúradán ón gcualach.

3. Mura bhfuil tú in ann an dúradán nua a chur síos, caill do sheal.

**An cluiche:**

Fásann an 'crann' i ndá threo mar tá dhá thaobh atá 'beo' agus caithfidh na himreoirí dúradán leis an uimhir cheart a cheangal le ceann de na taobhanna sin; 4 nó 2 sa gcás seo:



**Sprioc an chluiche:**

Tá an bua ag an gcéad imreoir atá in ann fáil réidh lena dhúradáin ar fad. Nó, má gcaitear an cluiche a chríochnú luath, buann an té leis na poncanna is lú ar na dúradáin atá fanta.

Go n-éirí libh!